# Nuacht Fhine Gall

Eisiúint Nº 15
Iúil 2020

# TÉANN MÉARA NUA I MBUN OIFIGE



Toghadh an Comhairleoir Healy agus an Comhairleoir O'Donoghue mar Mhéara agus Leas-Mhéara ag CGB na Comhairle - Lch 3

## ISTIGH



**Stíl nua don tSráid Nua i Mullach Íde -** **Lch 4**



**Glacadh le dhá athrú ar an bPlean Forbartha -** **Lch 5**



**Déanann an Oifig Spóirt a seacht ndícheall -** **Lch 15**

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

**Do Chomhairle, ag obair duitse**

## Teachtaireacht ón Méara



Mar Mhéara nua-thofa de Fhine Gall tá áthas orm fáilte a chur romhat san eagrán is déanaí de Nuacht Fhine Gall atá anois ina mhodh tábhachtach sa chaoi a ndéanaimid mar Chomhairle cumarsáid lenár saoránaigh. San eagrán seo tá an saol ag atosú ag filleadh ar chineál éigin normúlachta agus tá ar go leor gnéithe dár saol dul in oiriúint do na fírinní nua faoin bpaindéim Covid-19.

Ba mhór an onóir dom gur thogh mo chomhchomhairleoirí mé mar Mhéara ní ba luaithe an mhí seo ag cruinniú speisialta agus táim ag tnúth go mór le mo bhliain in oifig. Déanfaidh mé mo dhícheall ionadaíocht a dhéanamh ar Fhine Gall. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gComhairleoir Eoghan O'Brien, an Méara roimhe seo, a bhí ina Mhéara den scoth agus a rinne ionadaíocht thar ceann Fhine Gall le linn géarchéime nach raibh a leithéid ann riamh.

Táim ag tnúth le bheith ag obair i dteannta an Phríomhfheidhmeannaigh AnnMarie Farrelly agus foireann uile na Comhairle agus muid ag iarraidh Fine Gall a atógáil agus dul i ngleic leis na dúshláin thromchúiseacha atá romhainn. Is é an príomhdhúshlán ná muid féin a chosaint i gcoinne Covid-19, chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha a eascraíonn as an bpaindéim chomh maith leis na dúshláin leanúnacha a bhaineann le hathrú aeráide agus le cailliúint bhithéagsúlachta atá roimh an gcine daonna uile.

Thaispeáin foireann na Comhairle ceannaireacht iontach le linn na géarchéime. Deirtear go minic go spreagtar le géarchéim na daoine go barr a gcumais agus mar dhuine a d'fhóin mar Chomhairleoir le blianta fada, is sin é go díreach a chonaic mé le cúpla mí anuas. Thaispeáin sibh solúbthacht agus tiomantas don tseirbhís phoiblí in imthosca deacra agus fonn orthu oiriúnú do na cúinsí. De réir mar a leanaimid orainn muid féin agus a chéile a chosaint i gcoinne na paindéime, beidh an bealach a dtugaimid faoinár saol i bhfad difriúil ná mar a bhí cúpla mí ó shin. Bhí áthas orm an teorannú do choisithe a rinneadh ar an tSráid Nua i Mullach Íde, ar tionscnamh iontach é chun cabhrú le gnóthais agus le daoine filleadh ar normáltacht de chineál éigin agus iad in ann an scaradh sóisialta a choinneáil agus táim ag tnúth leis na bearta eile sa tionscadal um Shiúlóid Rothaíocht Fhine Gall agus leis na bearta eile a thiocfaidh ina dhiaidh sin. Déanfaidh mé féin agus mo chomhchomhairleoirí ár ndícheall chun tacú leis an gComhairle ina hiarrachtaí tacú le Fine Gall sa bhliain atá romhainn, Fine Gall a chur ar ais sa riocht sláintiúil a bhí air roimh an bpaindéim agus a chinntiú go bhfuil sí réidh don chéad ghéarchéim eile.

Osclaíodh an Glasbhealach Bhaile Dúill go Port Mearnóg le déanaí. Ag teacht le tosaíochtaí náisiúnta, cuirfidh an Chomhairle dlús le hinfheistíocht i modhanna glasa taistil ionas go mbeidh níos mó roghanna agus deiseanna ag muintir Fhine Gall cineálacha iompair níos glaine agus níos sláintiúla a úsáid chun dul ag obair, ar scoil nó chun taisteal timpeall an chontae.
Agus an tiomantais inár Scéim Ghaeilge a chomhlíonadh, táim tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'obair ár nOifigeach Gaeilge chun ár seirbhísí a sholáthar go dátheangach chomh maith agus is féidir.

Táim ag tnúth le bualadh leat agus ionadaíocht a dhéanamh mar Mhéara ar na pobail go léir ó gach cearn de Fhine Gall sa bhliain seo chugainn.

An Comh David Healy
Meara Fhine Gall

## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Mar sheirbhís riachtanach leanamar ar aghaidh leis an gcuid is mó dár gcuid oibre le linn paindéime COVID-19 cé gur úsáideamar cleachtais oibre difríochta. Ba mhór ag pobail luach ár spásanna poiblí agus a d'fhan daoine gar don bhaile agus d'oibrigh ár bhfoireann go crua chun iad a chothabháil agus a choinneáil slán. Agus muid ag dul ar aghaidh trí na céimeanna athoscailte tá níos mó oibre le déanamh chun a chinntiú go n-athosclóidh ár saoráidí pobail agus ár ngnóthais go slán sábháilte. Táimid dírithe i gcónaí ar sheirbhísí poiblí riachtanacha den scoth a sholáthar agus leis an ngéarchéim seo, leagadh béim arís ar an ról tábhachtach atá ag údaráis áitiúla gach lá i saol ár saoránach agus ár bpobal.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an gComhairleoir David Healy nuair a toghadh é mar Mhéara Fhine Gall agus leis an gComhairleoir Robert O'Donoghue nuair a toghadh é mar Leas-Mhéara. Táim ag tnúth le bheith ag obair leo sa bhliain atá le teacht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár Méara atá ag dul as oifig, an Comhairleoir Eoghan O'Brien as a chuid oibre dochreidte ag déanamh ionadaíochta ar Fhine Gall mar Mhéara le bliain anuas. Go háirithe as an gceannaireacht agus as an tacaíocht a thug sé d'Fhine Gall le cúpla mí anuas le linn na n-amanna is deacra i rith na paindéime. Buíochas freisin leis an Leas-Mhéara atá ag dul as oifig, an Comhairleoir Tom Kitt, as a chuid oibre crua i rith na bliana.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag cabhrú le gnóthais agus leanfaidh sí uirthi ag soláthar tacaíochtaí do ghnóthais áitiúla chun a dtrádáil a athoscailt agus a mhéadú. Tá tuilleadh faisnéise ann faoi na tacaíochtaí gnó um Fhine Gall a Atosú ar fingal.ie agus spreagaim gach duine chun siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil agus tacú lena gheilleagar áitiúil. Molaim ar ghnóthais freisin tacú le Cairt Fhine Gall In éineacht le Chéile agus atáimid ag obair chun téarnamh eacnamaíoch a chinntiú.

Tá na hiarratais ar líne don scéim Deontais um Atosú curtha i gcrích ag na céadta gnóthas cheana féin agus íocadh €5mhilliún le gnóthais áitiúla i mí an Mheithimh. Tá an scéim seo dírithe go díreach ar chabhrú le gnóthais leis na costais a bhaineann le fanacht oscailte nó le hathoscailt. Is tacaíocht thábhachtach í seo agus spreagaim gnóthais a n-incháilitheacht a sheiceáil agus iarratas a dhéanamh ag baint úsáide as an bpróiseas iarratais simplí.

D'oscail Méara Fhine Gall an Glasbhealach Bhaile Dúill go Port Mearnóg go hoifigiúil ní ba luaithe sa mhí seo. Tá na mílte daoine ag baint taitneamh as siúlóid agus dul ar rothar ar an nGlasbhealach seo agus a radharcanna iontacha. Leis seo, taispeántar réamhrá ar an acmhainneacht a bheidh ag Bealach Cósta Fhine Gall a chuirfear ar fáil sna blianta amach romhainn. Is Glasbhealach an Mhóinéir Leathain an chéad tionscadal eile a bhfuil cead pleanála aige anois agus a chuirfear tús leis an tógáil an bhliain seo chugainn.

Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an eagrán is déanaí de Nuacht Fhine Gall

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach

# TOGHANN AN CHOMHAIRLE MÉARA AGUS LEAS-MHÉARA NUA

Toghadh Méara agus Leas-Méara nua ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall inniu.



Toghadh an Comhairleoir David Healy ón gComhaontas Glas mar Mhéara Fhine Gall ag cruinniú bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall a tionóladh inniu ag an Ionad Taispeántais Náisiúnta i gClochrán.

Toghadh an Comhairleoir Robert O'Donoghue ó Pháirtí an Lucht Oibre mar Leas-Mhéara.

Chaill an Comhairleoir Joan Hopkins (Daonlathaithe Sóisialta) agus an Comhairleoir Punam Rane (Fine Gael) sa toghchán don Mhéara agus bhí an bua ag an gComhairleoir Healy, agus bhuaigh an Comhairleoir O'Donoghue i gcoinne an Chomhairleora Natalie Treacy (Sinn Féin) agus an Chomhairleora Rane sa toghchán don Leas-Mhéara.

Toghadh an Comhairleoir Healy, a dhéanann ionadaíocht ar Thoghcheantar Bhinn Éadair-Mullach Íde, mar chomhairleoir den chéad uair i 1991. Bunaithe i mBinn Éadair, oibríonn sé mar thaighdeoir beartais um athrú aeráide. Tá an Comhairleoir O'Donoghue, a dhéanann ionadaíocht ar Cheantar Toghcháin an Rois-Lusca, ina bhall tofa ó 2018 nuair a comhthoghadh é chun a bheith in ionad an chomhairleora, Ken Farrell, a d'imigh ar scor.



Thug comhairleoirí agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly ómós don Mhéara atá ag dul as oifig, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, agus bhronn sí Bonn Cuimhneacháin ar an gComhairleoir O'Brien, chomh maith le hAlbam Grianghraf ina bhfuil taifid ar a bhliain in oifig.

Ghabh an Comhairleoir O'Brien buíochas leis an gComhairleoir Tom Kitt as a thacaíocht mar Leas-Mhéara i rith na bliana agus thug sé ómós do gach duine a chuidigh lena rath in oifig le linn na bliana.

Bhí nóiméad ciúnais ann roimh an gCruinniú Ginearálta Bliantúil i gcuimhne ar an iar-Mhéara agus comhairleoir Mags Murray a fuair bás Dé Sathairn seo caite.

Toghadh an Comhairleoir O'Donoghue freisin mar Chathaoirleach ar Choiste Ceantair Bhaile Brigín / An Rois-Lusca / Shoird a fuair an bua ar an gComhairleoir Dean Mulligan (Independents4Change).
Toghadh an Comhairleoir Brian McDonagh (Lucht Oibre) mar Chathaoirleach ar Choiste Ceantair Bhinn Éadair/Mhullach Íde a fuair an bua ar an gComhairleoir Joan Hopkins (Daonlathaithe Sóisialta).

Toghadh an Comhairleoir John Walsh (Lucht Oibre) mar Chathaoirleach ar Choiste Ceantair Bhaile Bhlainséir / Mullach Eadrad/ Caisleán Cnucha/ Ongar tar éis dó an bua a fháil ar an gComhairleoir Tania Doyle (Neamhspleách).
Rachaidh na Comhairleoirí O'Donoghue, McDonagh agus Walsh i mbun a bpoist i mí Mheán Fómhair.

# Tá sé beartaithe go bhfuiltear chun an tSráid Nua i Mullach Íde a athrú go ceantar coisithe



Tá sé beartaithe do Mhullach Íde a bheith ar an gcéad cheantar i bhFine Gall chun ceantar coisithe nua a chur i gcrích i lár an tsráidbhaile, agus cuirfear blaiseadh den stíl Eorpach, amuigh faoin spéir, maireachtála ar chroílár an tsráidbhaile. Tá an tSráid Nua, ina bhfuil go leor siopaí, búitíceanna, bialanna, caiféanna agus beáir suite, le bheith athruithe go ceantar a oireann do choisithe le linn an tionscnaimh thrialaigh 10 seachtaine.

Is tionscnamh é Walk Bike Fingal atá á rolladh amach ar fud an chontae agus a bhfuil sé de chuspóir aige an scaradh sóisialta a spreagadh agus a éascú do na saoránaigh agus iad ag tabhairt faoina gcuid gnó laethúil.

Táthar tar éis an conraitheoir a cheapadh agus cuirfear tús leis an obair lena ligfear do na miondíoltóirí, do na caiféanna agus d'úinéirí na mbialanna a ngnó dhéanamh amach ar an tsráid, rud a gcuirfidh blaiseadh den stíl maireachtála Eorpach leis an tsráid.


Tá spásanna páirceála breise curtha ar fáil in aice láimhe, i gCarrchlós Bridgefield atá suite ag an mbealach isteach ar Dhiméin Mhullach Íde. Beidh an pháirceáil saor in aisce ar fáil anois ag an láithreán seo ar feadh tréimhse dhá uair an chloig. Tá an Chomhairle tar éis roinnt spásanna páirceála Aoisbhhúla a shuiteáil i lár an bhaile chomh maith.

Tháinig laghdú suntasach ar an trácht chomh maith le hathbheochan sa mhéid daoine atá ag siúl agus ag rothaíocht ar fud Fhine Gall, le linn phaindéim Covid-19 a bheith ann, agus mar gheall ar an gceantar nua seo a bheith ann, beidh coisithe in ann bogadh go sábháilte gan srian anois agus iad ag tabhairt faoina gcuid gnáthghnó laethúil.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tar éis é a phlé leis na geallsealbhóirí sa sráidbhaile agus tá Cumann Tráchtála Mhullach Íde, Fóram Pobail Mhullach Íde agus Coiste na mBailte Slachtmhara Mhullach Íde tar éis thacú leis an bplean. An tseachtain seo chugainn, tá Comhairle Contae Fhine Gall chun a Tionscnamh Troscán Sráide 2020 a sheoladh lena gceadófar do chathaoireacha agus boird a bheith socruithe ar chosáin ionas go mbeifear in ann chun bia a fháil amuigh faoin spéir. Ón Déardaoin (an 18 Meitheamh) ar aghaidh, is féidir iarratais a dhéanamh agus sonraí a fháil faoi ag https://www.fingal.ie/council/service/street-furniture-license

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Mar chuid dár mbearta chun dul i ngleic leis an éigeandáil sláinte Covid-19, is tionscnamh nua é Walk Bike Fingal [Téigh ar Chos agus ar Rothar Fhine Gall] chun tacú le daoine agus le gnóthais iarracht a dhéanamh an gnáthshaol a bheith acu arís ar an mbealach is sábháilte agus is féidir. Mar gheall ar na hathruithe sealadacha seo atáthar chun cur leis an réimse poiblí, táthar chun spás lasmuigh feabhsaithe ar fáil don saoránach chun taitneamh a bhaint as, agus cuideoidh siad le cuid do na gnóthais atá againn sa cheantar oscailt arís ar bhealach atá slán sábháilte."

Dúirt Stiúrthóir na nOibríochtaí David Storey: "Is éard atá mar sprioc le hathchóiriú sealadach na Sráide Nua i Mullach Íde, i dteannta le cosáin, bóithre agus spásanna fearann poiblí eile i bhFine Gall ná chun cabhrú le gach duine atá ina chónaí ann dul amach le haghaidh na haclaíochta agus chun am a chaitheamh amuigh faoin spéir agus chun tacú le cuid dár ngnólachtaí áitiúla athoscailt agus a bheith in ann glacadh leis an riail srianta 2m maidir leis an scaradh sóisialta. Tá an méid sin rudaí sa saol againn athraithe ó bhonn mar gheall ar Covid-19 le tamall beag anuas agus caithfimid na saoráidí agus an bonneagar atá againn a oiriúnú chun cabhrú le muintir an cheantair seo againne."



# Faomhann Comhairleoirí dhá athrú ar Phlean Forbartha

D'fhaomh comhairleoirí ag cruinniú inné de Chomhairle Contae Fhine Gall dhá athrú ar Phlean Forbartha Fhine Gall 2017-2023.

Rith siad, le 32 vóta ina fhabhar go seacht vóta ina choinne, Athrú Uimh. 2, lena n-ailínítear Plean Forbartha Fhine Gall 2017 - 2023 leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (NFP) agus leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES). Mar thoradh ar Athrú Uimh. 2 a ghlacadh, déanfar leasuithe ar an gCroí-Straitéis agus ar na táblaí bainteacha sa ráiteas i scríbhinn chomh maith le leasuithe ar théacs agus ar chuspóirí / beartais sa ráiteas i scríbhinn chun tagairt a dhéanamh don Chreat Pleanála Náisiúnta agus don Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

Aontaíodh ar Athrú Uimh. 3 d'aon toil. Leis seo, athrófar Plean Forbartha 2017 - 2023 agus bainfidh sé an líne thástach den thogra bóthair acomhail N3 - N4 ó

Chnoc an Sciobóil go Léim an Bhradáin



a bhí léirithe ar Bhileog 13, Baile Bhlainséir Theas.

D'fhaomh Comhairleoirí freisin, faoi Chuid 8 de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001 (arna leasú), Líonra Bhóthar Ceangail & Rothaíochta Church Fields i mBaile an Tirialaigh.

Ainmníodh an Comhairleoir Cathal Boland (Neamhspleách) ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

Tionóladh an cruinniú, ar fhreastail 39 comhairleoir air, san Ionad Taispeántais Náisiúnta, Clochrán, d'fhonn cloí le treoirlínte sláinte poiblí agus an scaradh sóisialta a éascú. Roimh an gcruinniú bhí nóiméad ciúnais ann i gcuimhne orthu siúd go léir a fuair bás le cúpla mí anuas.

Chomhaontaigh na Comhairleoirí freisin Freagra Phobal Fhine Gall ar Scéim Maoinithe Covid-19; Deontais Ghníomhaíochta Pobail agus Ealaíon; Scéim Tacaíochta Deontas d'Ealaíontóirí 2020;

Tuarascáil Bhliantúil 2019; Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2019; Sceideal na Rátaí Neamhbhailithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2019; agus Fodhlíthe Páirceála.

Aontaíodh Dearbhú Bóithre do Radharc an Úlloird, Baile an Bhéibhéaraigh, Domhnach Bat, chomh maith le deonú Chead Slí thar an M1 agus Brí Mhór, Baile Brigín, go dtí Uisce Éireann.

# Comhairle i ngleic le Clóis ina mBristear Carranna go mídhleathach




An raibh a fhios agat gur féidir 85% de do sheancharr a athchúrsáil nuair atá sé in am do sheancharr a chaitheamh i dtraipisí? An raibh a fhios agat go bhfuil sé de dhualgas ort de réir an dlí fáil réidh de do sheancharr i gclós conamair nó i Saoráid Chóireála Údaraithe (ATF) chun teastas scriosta a fháil (COD)?

An raibh a fhios agat gur féidir 85% de do sheancharr a athchúrsáil nuair atá sé in am do sheancharr a chaitheamh i dtraipisí? An raibh a fhios agat go bhfuil sé de dhualgas ort de réir an dlí fáil réidh de do sheancharr i gclós conamair nó i Saoráid Chóireála Údaraithe (ATF) chun teastas scriosta a fháil (COD)? Mura dhéanann tú amhlaidh, d'fhéadfaí fíneáil €100a ghearradh ort, nó tar éis ciontú achomair i gcúirt dúiche, fíneáil suas go dtí €5,000!

Trí úsaid a bhaint as íomhánna satailíte, dróin agus eolas áitiúil, tá roinnt clóis scriosta carranna mídhleathacha aitheanta ag Comhairle Contae Fhine Gall nó laithreáin d'Fheithiclí i nDeireadh Ré (ELV). Tá sé i gceist ag an Aonad Forfheidhmiúcháin Dramhaíola gach láithreán neamhúdaraithe a thabhairt chun rialtachta atá ag feidhmiú gan cead pleanála agus gan ceadúnas saoráide in 2020 agus na láithreáin a dhúnadh nach gcomhlíonann Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2014 (Feithiclí i nDeireadh Ré). Tá scrúdú déanta ar roinnt láithreáin d'Fheithiclí i nDeireadh Ré neamhúdaraithe agus leanfar leis an obair seo i rith 2020. Chun cinnte a dhéanamh de nach dtarlóidh a leithéid de ghníomhaíocht mídhleathach arís, beidh monatóireacht á déanamh ag oifigí forfheidhmiúcháin dramhaíola tar éis na láithreáin seo a dhúnadh, le tacaíocht ón nGarda Síochána agus Gníomhaireachtaí Stáit eile.

Is éard atá i gceist le Feithlicil i nDeireadh Ré ná feithicil nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh ón úinéir cláraithe agus tá sé i gceist ag an úinéir é a chaitheamh i dtraipisí, m.sh. carr nó feithicil tráchtála atá i ndeireadh ré. Is baol mór don timpeallacht é má dhéantar na feithiclí seo a stóráil agus a dhíchóimeáil gan údarú. Tá réimse ábhar guaiseach sna feithiclí seo cosúil le dramh-ola, bataiŕí luaidhe-aigéadacha, ola bhealaithe, fuarthán agus leacht coscán a d'fhéadfadh truailliú a bheith mar thoradh air mura bhfaightear réidh de i gceart.

Baintear úsáid as láithreáin ELV neamhúdaraithe chun páirteanna a bhaint as a chéile agus chun iad a dhíol mar earraí athláimhe. Níl infreastruchtúr cuí i bhfeidm sna láitheáin seo, agus ní chomhlíonann siad an dea-chleachtas comhshaoil maidir le carranna a dhíchóimeáil agus dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú. Má stóráiltear seanfheithiclí nó feithiclí ata damáistithe ar dhromchla scagach, d'fhéadfadh siad leacht a sceitheadh isteach sa talamh agus truailliú a chruthú.

An rud is fearr ar fad, is féidir le húinéirí seancharranna iad a fhágáil Saor in Aisce ag Saoráid Chóireála Údaraithe agus tá trí chinn ann i bhFine Gall:; 1/ Gannon's City Recovery & Recycling Services Ltd. Web: www.gannonscityrecovery.ie 2/ Industrial, Agri & Engineering Salvage Ltd. (IAES). Web: www.scrapmycar.ie 3/ St. Margaret's Recycling and Transfer Centre Ltd. Web: www. stmargaretsrecycling.ie

Tá tuilleadh eolais ar Fheithiclí i nDeireadh Ré le fáil ag ELVES: https://www.elves.ie/How-to-Recycle trí teagmháil a dhéanamh le Comhairle Contae Fhine Gall – Rannóg Comhshaoil Teil: 01 8905000, Rphost: environment@fingal.ie.



# Deis do Ghnólachtaí agus Nuálaithe i bhFine Gall iarratas a chur isteach ar Fhiontraíocht Ghlas 2020

Tacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall leis an nglao ar iarratais don chlár Fiontraíocht Ghlas 2020: Nuálaíocht don Gheilleagar Ciorclach de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall fáilte roimh ghnóthaí agus nuálaithe ar mian leo iarratas a chur isteach ar an maoiniú dul i mbun oibre i gcomhar léi maidir le tionscadail incháilithe.




Is deis é seo do ghnólachtaí agus nuálaithe i bhFine Gall roinnt den mhaoiniú €600,000 a fháil chun réitigh atá réidh le bheith ina ngnó sa gheilleagar ciorclach a fhorbairt agus a léiriú in éineacht le Comhairle Contae Fhine Gall. Is ionann an deontas uasta d'aon tionscadal amháin agus €100,000 Tá léirithe spéise ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ar www.fingal.ie agus ba cheart foirmeacha críochnaithe a sheoladh chuig econdev@fingal.ie roimh 17.00 uair Dé hAoine, 17 Meitheamh 2020.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir David Healy: "Agus muid ag iarraidh teacht chugainn féin ón bpaindéim Covid-19, tá nuálaíocht agus tacaíocht ón bpobal gnó de dhíth orainn chun tacú le gach duine i bhFine Gall. Ag an am céanna, mar gheall ar an dúshlán an-mhór a bhaineann leis an aistriú i dtreo geilleagar inbhuanaithe, ní mór dúinn smaoineamh as an nua faoi conas a úsáidimid acmhainní. Beidh gnólachtaí ag croílár an aistrithe seo agus tugann Comhairle Contae Fhine Gall spreagadh do ghnólachtaí agus nuálaithe plé leis na deiseanna agus dúshláin a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach ."

Is tionscnamh é an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (CNCD) chun feabhas a chur ar iomaíochas agus costais ghnó a laghdú ach cláir a sholáthar a spreagann éifeachtúlacht acmhainne, is é sin costas a laghdú trí ábhair atá á n-úsáid cheana a athúsáid chun críche eile sa gheilleagar ciorclach. Tacaíonn an clár 'Fiontraíocht Ghlas: Nuálaíocht don Gheilleagar Ciorclach' de chuid na GCC le cuir chuige nua i leith an gheilleagair chiorclaigh a fhorbairt. Díríonn Glao 2020 na GCC ar nuálaíocht ghnó faoi na téamaí seo a leanas: 1. Dramhbhia; 2. Dramhaíl Tógála agus Scartála; 3. Plaistic 4. Acmhainní agus amhábhair (trealamh leictreach agus leictreonach, teicstíl, troscán) Ní chlúdaíonn Glao 2020 nuálaíocht a bhaineann le fuinneamh, gluaiseacht agus córais uisce, mar tá siad clúdaithe ag tionscnaimh eile.

Díríonn an geilleagar ciorclach ar ár spleáchas ar amhábhair a iompórtáiltear ó thíortha thar lear a laghdú agus ar an aistriú i dtreo bainistíocht ábhar inbhuanaithe agus geilleagar ísealcharbóin, ar tosaíochtaí iad an dá rud sin do Chomhairle Contae Fhine Gall ina Plean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide.

Dúirt Emer O'Gorman, Stiúrthóir Fiontraíochta Eacnamaíoch agus Turasóireachta Chomhairle Contae Fhine Gall: "Deis iontach é seo do ghnólachtaí oibriú i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall chun samhail ghnó a chur in oiriúint don gheilleagar ciorclach. Tacóidh sé sin le baint amach na gcuspóirí Corparáideacha atá ag an gComhairle maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus Gnó Inbhuanaithe. Fad a oibrímid chun tacú leis an ngeilleagar áitiúil teacht chuige féin i ndiaidh na paindéime Covid-19, tá deis mhaith againn anois iarracht a dhéanamh smaointe nuálacha a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar an ngeilleagar áitiúil."

Dúirt Ethna Felten, Stiúrthóir Comhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide i gComhairle Contae Fhine Gall: "Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide do Chomhairle Contae Fhine Gall, iarrtar leis an ngeilleagar ciorclach nach mbeidh Fine Gall chomh spleách sin ar amhábhair iompórtáilte trí na hábhair atá á n-úsáid cheana féin a laghdú agus ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú ag an am céanna, ar príomhaidhm ár bplean Gníomhaithe ar son na hAeráide é sin."




# Cuireann an Chomhairle Feithiclí Leictreacha breise lena flít

Tá áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall a fhógairt gur cuireadh le líon na bhfeithiclí leictreacha atá aici ina flít. Infheistíocht de €340,000 atá i gceist agus ba é Méara Fhine Gall, an Clr Eoghan O'Brien, a sheol inniu iad ag Caisleán Ard Giolláin

Tá áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall a fhógairt gur cuireadh le líon na bhfeithiclí leictreacha atá aici ina flít. Infheistíocht de €340,000 atá i gceist agus ba é Méara Fhine Gall, an Clr Eoghan O'Brien, a sheol inniu iad ag Caisleán Ard Giolláin.

Is éard atá sna feithiclí breise ná 14 veain Lánleictreach Nissan eNV, 2 trucail dumpála Lánleictreach LDV 3.5 tonna, 1 lomaire Lánleictreach Meangreen Zeroturn agus 1 feithicil fóntais Lánleictreach Goupil G4. Léiríonn sé tionamtas an Chomhairle maidir le leictriúchán an flít.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil 15% d'fheithiclí tráchtála Chomhairle Contae Fhine Gall leictreach anois. Tá pointí luchtaithe leictrigh suiteáilte



sna stáisiúin bhus agus i gcarrchlóis, agus tá pointí luchtaithe leictrigh nuálacha tugadh isteach ag an gComhairle ar shoilse sráide.

Ag labhairt dó, dúirt Méara Fhine Gall, an Clr Eoghan O'Brien: "Is sampla eile é seo de thiomantas an Chomhairle maidir leis an iompar inmharthana agus leis an ngíomhaíocht aeráide. Tá sé an-tábhachtach domsa go gcosnóimid an timpeallacht do na glúnta atá ag teacht, agus leis an aistriú seo go feithiclí leictreacha agus tionscnaimh eile san áireamh, tá an Chomhairle chun tosaigh maidir leis na hathruithe a dhéanamh atá riachtanach, agus ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla chun dul i ngleic leis an riachtanas seo."

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Is céim thábhachtach eile iad na feithiclí seo, san aistriú go dtí leictriúchán flít an Chomhairle. Tá tús áite tugtha ag Comhairle Contae Fhine Gall iompar inmharthana a sholáthar don Chontae, agus tá sé sin le feiceáil sa tionscnamh seo agus san infheistíocht atá déanta againn do rothaithe agus do choisithe, mar shampla Glasbhealach Bhaile Dúill go dtí Port Mearnóg.

Dúirt David Storey, Stiúrthóir na nOibríochtaí: "Tá roinnt feithiclí leictreacha sa flít ag Comhairle Contae Fhine Gall cheana féin. Tá siad an-éifeachtach agus tá an-tóir ag an bhfoireann orthu. Anuas air sin, tá buntáistí eacnamaíocha ag baint leo agus tá siad inmharthana ó thaobh an chomhshaoil de. Is páirt iad de raon tionscnamh iompair, lena n-áirítear pointí luchtaithe leictrigh a sholáthar mar aon le háiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe."

# DEONTAIS ATOSAITHE I BHFINE GALL THAR AN MARC €5M

Tá íocaíochtaí Deontais Atosaithe do ghnóanna Fhine Gall ó Chomhairle Contae Fhine Gall tar éis an €5 milliún a shárú le 982 gnóanna faomhaithe le haghaidh deontas idir €2,000 go €10,000.




Tá an Deontas Atosaithe mar chuid de thiomantas na Comhairle chun tacú leis an eacnamaíocht áitiúil agus cuidiú le gnóanna atá ag iarraidh teacht slán ón dtréimhse dheachair COVID-19.

D'oibrigh Roinn Fiontar Eacnamaíochta agus Turasóireachta go dlúth le Cumainn Thráchtála áitiúla agus gníomhaireachtaí náisiúnta ó thús na géarchéime COVID-19 go luath i mí an Mhárta chun cúnamh a raibh géarghá leis a sholáthar do ghnóanna agus le déanaí sheol sí mórthionscnamh tacaíochta eile, Cairt Fhine Gall Le Chéile.

Ó cuireadh tús leis an Scéim Deontas Atosaithe ar Bealtaine 22, tá maoiniú dár luach níos mó ná €5 milliún bronnta ar 982 micrea-ghnó agus gnóanna beaga áitiúla. Is é cuspóir na Scéime ná cabhrú le gnóanna áitiúla leis na costais a bhaineann le fanacht oscailte nó le hathoscailt agus oibrithe a athfhostú tar éis COVID-19.

Tá 1,547 gnóanna san iomlán tar éis iarratais ar líne a chríochnú faoin Scéim cheana féin agus tá foireann na Comhairle ag leanúint ar aghaidh ag glacadh le, ag bailíochtú ag próiseáil agus ag ceadú iarratais.
Is é an 31 Lúnasa an dáta deiridh don scéim agus spreagtar gnóanna i bhFine Gall a chomhlíonann na critéir iarratas a dhéanamh ar dheontas.
Is féidir iarratais a chur isteach ar https://submit.link/E5RPF agus tá sonraí na scéime ar fáil freisin ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall, www.fingal.ie/business.
Beidh an Deontas comhionann le bille rátáí an ghnó i 2019, le híocaíocht íosta de €2,000 agus uasíocaíocht de €10,000.

Dúirt Leas-Mhéara Fhine Gall, an Comhairleoir Robert O'Donoghue: "Tá an Deontas Atosaithe tar éis cabhrú le go leor gnóanna beaga ar fud Fhine Gall dul i mbun oibre ag am atá deacair agus dúshlánach. Tá fostaithe i go leor gnóanna beaga ar fud Fhine Gall ar ais ag obair anois a bhuíoch leis an Deontas Atosaithe."
Dúirt an Comhairleoir Tony Murphy, Cathaoirleach an Choiste um Beartas Straitéiseach um Fhiontraíocht Eacnamaíoch agus Turasóireacht: "Teastaíonn gach tacaíocht is féidir ó ghnóanna Fhine Gall agus iad ag obair chun a ngnóanna a atosú agus ag leanúint ar aghaidh ag atógáil eacnamaíocht áitiúil Fhine Gall. Is ábhar mór misnigh é go bhfuil an oiread sin gnóanna tar éis leas a bhaint as an scéim cheana féin agus léiríonn sé dúthracht ár bhfiontraithe go n-éireoidh leo."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly: "Táim an-sásta go bhfuil an oiread sin dár ngnóanna tar éis athoscailt agus gur chuidigh an Deontas Atosaithe leo é sin a dhéanamh. Tá an próiseas iarratais simplí, agus íoctar cistí go gasta. Ba cheart do gach gnó a d'fhulaing caillteanas i dtrádáil nó a dhún a n-incháilitheacht a sheiceáil agus iarratas a dhéanamh."

Dúirt Stiúrthóir Fiontraíochta Eacnamaíochta agus Forbartha Turasóireachta, Emer O'Gorman: "Tá an Deontas Atosaithe deartha chun an brú ar ghnóanna a mhaolú agus féachann ár bpobal gnó air mar thionscnamh an-dearfach. Molaim d'aon ghnó nach ndearna iarratas ar an deontas go fóill déanamh amhlaidh roimh an dáta deiridh ar 31 Lúnasa."

Tá an tacaíocht deontais dhíreach seo mar chuid de phacáiste níos leithne de €12 billiún de thacaíochtaí Rialtais do ghnóanna de gach méid, a chuimsíonn deontais, iasachtaí ar chostas íseal, rátaí tráchtála díscríofa agus dliteanais chánach iarchurtha, agus cabhróidh gach ceann acu le sreabhadh airgid a fheabhsú i measc fhiontair bheaga.

# SEOLANN COMHAIRLE FHINE GALL STRAITÉIS DHIGITEACH




Tá sé mar aidhm ag an Straitéis saoránaigh, gnóthais agus cuairteoirí a spreagadh agus tacú leo chun leas a bhaint as na buntáistí iomlána a eascraíonn as sochaí atá cumasaithe go digiteach trí shraith cuspóirí agus gníomhartha thar trí bliana.

Sheol Comhairle Contae Fhine Gall Straitéis Dhigiteach Fhine Gall 2020 - 2023 i Halla an Chontae, Sord inniu (Dé hAoine 19 Meitheamh).

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis saoránaigh, gnóthais agus cuairteoirí a spreagadh agus tacú leo chun leas a bhaint as na buntáistí iomlána a eascraíonn as sochaí atá cumasaithe go digiteach trí shraith cuspóirí agus gníomhartha thar trí bliana.

Sa straitéis, taispeántar na buntáistí iomadúla is féidir le digiteach a thabhairt dár sláinte, sonas agus folláine, idir tacú leis an ngeilleagar agus trí chianobair a chumasú, chomh maith le rochtain ar oideachas, foghlaim agus nascacht shóisialta a fheabhsú. Tá 48 gníomh tosaigh sa phlean atá ar siúl faoi láthar nó atá beartaithe laistigh den Chomhairle, lena gcuimsítear ceithre phríomhréimse gníomhaíochta - Bonneagar Digiteach, Pobal Digiteach, Gnó Digiteach agus Rialtas Digiteach.

Déantar cur síos ar an Straitéis Dhigiteach mar dhoiciméad beo a athróidh de réir a chéile agus a oirfidh do shochaí dhigiteach a bhíonn ag athrú de shíor; dá bhrí sin, déanfaidh Grúpa Maoirseachta Digiteach Fhine Gall monatóireacht agus nuashonrú leanúnach ar ghníomhaíochtaí an phlean seo ag obair ar fud ranna uile na Comhairle.

Ghlac na baill Tofa an Straitéis i mí Feabhra, agus bhí a ábhar bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí a rinneadh thar ocht seachtaine in 2019. Bhí trí phríomh-mhodh rannpháirtíochta i gceist leis an gComhairliúchán um Straitéis Dhigiteach - Páipéar Saincheisteanna a fhoilsiú agus comhairliúchán ar líne; ceardlanna comhairliúcháin éagsúla le grúpaí de pháirtithe leasmhara straitéiseacha; agus suirbhé ar líne a fhoilsiú chun ionchur a fháil ó lucht féachana níos leithne.

Ag labhairt ag an seoladh, dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Tá an-áthas orm Straitéis Dhigiteach Fhine Gall a sheoladh, ina leagtar amach raon gníomhartha agus beart chun tacú le saoránaigh agus gnóthais an leas is fearr a bhaint as digiteach i bhFine Gall.

"I bhfianaise Covid 19, tá rochtain ar an idirlíon agus teicneolaíochtaí digiteacha ríthábhachtach don saol laethúil.

"Tá sé mar aidhm ag Straitéis Dhigiteach Fhine Gall tacú le pobail teacht ar líne agus a bheith nasctha."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta nuálaíocht a chur chun cinn agus seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar a thacaíonn le pobail.

"Ní bhaineann an teicneolaíocht le digiteach, baineann sé le hathrú a dhéanamh ar an mbealach a gcónaíonn, a nascann agus a oibríonn daoine. "Baineann an straitéis seo, mar sin, leis an gcaoi a ndéanfaimid ár seirbhísí poiblí, ár mbonneagar, ár spásanna poiblí, ár ngeilleagar agus ár bpoist d'Fhine Gall a sholáthar agus a fheabhsú, anois agus do na blianta amach romhainn.

"Tacóidh an straitéis seo le cláir oibre dhigiteacha náisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh chomh maith le rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, agus luasghéaróidh sí pleananna agus straitéisí áitiúla eile trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid."

Dúirt Bainisteoir Straitéise Digití Chomhairle Contae Fhine Gall Aishling Hyland: "Is plean uaillmhianach í an Straitéis Dhigiteach a bhfuil sé mar aidhm aici leas a bhaint as bonneagar digiteach agus feabhas a chur ar an mbealach ina mairimid, a n-oibrímid, a mothaímid agus a ndéanaimid gnó i bhFine Gall.

"I measc croíthionscnaimh na Straitéise seachadfar wifi poiblí saor in aisce i lár ár mbailte, ceantair bhailte agus sráidbhailte cliste a fhorbairt chun teicneolaíochtaí IOT a thriail agus a thástáil agus tionscnaimh a fhorbairt a chabhróidh le bochtaineacht dhigiteach a chomhrac agus a thacóidh le pobail."

Chun Straitéis Dhigiteach Chomhairle Contae Fhine Gall 2020 - 2023 a léamh, tabhair cuairt ar https://www.fingal.ie/sites/default/files/2020-06/fingal-digital-strategy-2020-2023.pdf. Le haghaidh tuilleadh faisnéise déan teagmháil le: Aishling.hyland@fingal.ie

A Government of Ireland initiative
brought to you by the
Department of Business, Enterprise and Innovation

Coronavirus
**COVID-19**
National
Programme

# Key Supports for
# **Reopening your Small Business**



**These are direct, non-repayable, financial supports to help your business**

## 1 Apply for the Restart Grant

minimum cash grant of €2,000, maximum €10,000 - apply online through your Local Authority

## 2 Avail of the Temporary Wage Subsidy Scheme

which pays up to 85% of your staff wages, freeing up cash flow for other areas of your business
further information at revenue.ie

## 3 Get your business online through the Trading Online Voucher Scheme

with financial support of up to €5,000
contact your Local Enterprise Office at localenterprise.ie

## 4 Talk to your Local Enterprise Office for advice, financial planning, training and mentoring

For more information contact the Business Support Call Centre
at the Department of Business, Enterprise and Innovation
on **01 631 2002** or **dbei.gov.ie**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# AG OBAIR

## 10 leideanna simplí



### LEID 1 - BÍODH GNÁTHAMH LAETHÚIL AGAT

Tá a fhios agam gur breá linn go léir lá faoin bpluid a bheith againn, dealraíonn sé go bhfuil sé go hiontach fanacht i do phitseámaí agus suí ar an tolg, ach lá i ndiaidh lae laghdóidh sé d'fholláine coirp agus mheabhrach i ndáiríre. Is é an chéad leid chun obair ón mbaile ná gnáthamh laethúil a bheith agat

- Socraigh d'Aláram do Luan go hAoine - éirigh, tóg cithfholcadh, cuir éadaí ort agus déan do chuid gruaige srl.
- Déan do leaba gach lá - b'fhéidir go gceapfá gur rud amaideach é, ach is cúraim shimplí éasca le déanamh gach lá agus táimid i saol aisteach agus neamhchoitianta faoi láthair, mar sin má bhíonn lá dona nó strusmhar agat, nach breá an rud é dul isteach i leaba úrnua déanta ag deireadh an lae!

### LEID 2 - SPÁSANNA OIBRE

Déan iarracht spás oibre ainmnithe a bheith agat amach ó do spás cócaireachta agus maireachtála. Tá sé ríthábhachtach do shaol Baile a scaradh ó do shaol Oibre chun cothromaíocht shláintiúil a bhaint amach. Mura bhfuil tú in ann an dá rud a scaradh go hiomlán, déan cinnte ag deireadh do lae an spás oibre a ghlanadh chun a chinntiú nach mbeidh sé ag stánadh isteach i d'aghaidh ar feadh an tráthnóna.

### LEID 3 - TÁ COTHÚ RÍTHÁBHACHTACH

Chualamr go léir an nath cainte nach féidir leat sách aclaíochta a dhéanah mar chúiteamh ar dhroch-aiste bia. Agus a bhíonn níos mó teorainneacha curtha ar ár gcumas an teach a fhágáil ná mar a bhí riamh roimhe seo, is an fhírinne ghlan é an nath cainte sin. Roinnt leideanna chun cabhrú le do chothú sa bhaile

- Cloígh le sosanna pleanáilte agus le hamanna béilí, déan iarracht sneaiceanna ar nós cácaí, milseáin nó brioscaí breise a laghdú Má bhíonn cupán agat ag 11 rn de ghnáth, cloí leis sin!
- Pleanáil do lón roimh ré agus bíodh béile ullmhaithe agat más féidir
- Déan iarracht díriú ar fhíor-bhianna/úra seachas bianna saoráideacha
- Más féidir, ná hith san áit ina bhfuil tú ag obair. Déan iarracht iad a choinneáil ar leithligh agus bain úsáid as do shosanna chun éirí as an obair ar feadh tamaill.
- Ná ceannaigh bia beagmhaitheasa, bímid go léir ag gearán nuair a thugann duine milseáin isteach ar an Luan, ach ithimid go léir iad! Má tá cófra agat atá lán le milseoga agus milseáin, beidh sé ar an gcéad áit a dtéann tú má bhíonn d'intinn áit éigin eile!
- Ól go leor uisce, cuid mhaith den am nuair a bhíonn ocras orainn, bímid beagán díhiodráitithe mar sin coinnigh an t-uisce líonta. Déan iarracht srian a chur ar an méid Caiféine á ólann tú freisin.

### LEID 4 - BÍGÍ SÓISIALTA

Is ainmhithe sóisialta muid ó nádúr, santaímid idirghníomhaíochtaí le cairde, le teaghlaigh agus le comhghleacaithe go rialta. I láthair na huaire, cé nach bhfuil rudaí mar id gnách, is féidir leis an teicneolaíocht cabhrú linn a choinneáil nasctha go sóisialta. Má ghlacann tú sos caife le comhghleacaí de ghnáth, cén fáth nach nglaofá orthu le haghaidh comhrá ag do shos a bhíonn sceidealta go rialta, má lean tú Leid1 d'fhéadfá triail a bhaint as físghlao ar Whatsapp nó Zoom fiú

### LEID 5 - NÁ BÍODH I DO SHUÍ AN LÁ AR FAD

Is dócha gur chuala tú daoine ag rá go bhfuil suí ar bhonn seasmhach chomh dona do do shláinte agus atá, caitheamh tobac, níl mé cinnte cé chomh fíor é sin ach tá go leor staidéir ann a deir go bhfuil suí ar feadh tréimhsí fada go dona dár sláinte. Nuair a bhíonn muid san oifig bíonn muid ag bogadh go dtí an fótachóipeálaí, an chistin agus deasc na gcomhghleacaithe. Is é an claonadh atá ann sa bhaile an lá ar fad a chaitheamh ar ríomhaire glúine agus suí ar feadh tréimhsí fada. Fágfaidh sé sin go mbeimid righin, go mbeidh pian orainn agus ní bheimid chomh soghluaiste

- Déan iarracht sosanna gluaiseachta a ghlacadh gach 30 nóiméad, siúlóid de 2 nóiméad timpeall an tí, an ghairdín nó chun gloine uisce a fháil, coinneoidh sé seo gníomhach tú
- Yoga ar Chathaoir, tá gluaiseachtaí síneadh simplí go maith freisin chun dea-staidiúir agus sláinte droma a choinneáil agus atá tú ag obair ón mbaile



# ÓN MBAILE

## chun cabhrú leat fanacht aclaí agus folláin



### LEID 6 - GNÁTHAMH AM LÓIN
Tá féinchúram níos tábhachtaí ná riamh ag an am seo, go minic agus a bhíonn muid ag obair tógann muid lón gasta nó ithimid ag ár ndeasc, agus muid ag obair ón mbaile tá sé an-tábhachtach sos a ghlacadh ag am lóin!
- Téigh amach ag siúl ar feadh tamaill ghearr más féidir
- Léigh nuachtán ar líne
- Déan dreas traenála sa bhaile - Tá raon dreas traenála sa bhaile ag an Sraith Digifit ar Learning.fingal.ie
- Déan Yoga nó Machnamh

Go bunúsach, tóg roinnt ama duit féin a oiread agus is féidir leat

### LEID 7 - CRÍOCHNAIGH SUAS AGUS GLAN SUAS
Déan iarracht críochnú ag do ghnáth-am gach lá, déan do ríomhaire glúine / fón a mhúchadh agus glan suas do spás oibre. Nuair a oibrímid ón mbaile, is gnách go n-oibrímid uaireanta níos faide agus nuair a chuirtear é seo in éineacht le cumas teoranta chun dul amach agus sóisialú, d'fhéadfaí tionchar diúltach a imirt ar ár sláinte meabhrach
- Déan d'am críochnaithe a sceidealú gach lá
- Má tá tú ag obair tráthnóna mar gheall ar pháistí srl. Déan cinnte an t-am sin a thógáil ar ais i rith an lae
- Glan do spás oibre, go háirithe mura bhfuil tú in ann é a dheighilt ó do spás cócaireachta/maireachtála

### LEID 8 - AG OBAIR AGUS LEANAÍ
Beidh páistí ag déanfaidh diabhal ort agus atá ag déanamh iarracht oibriú go táirgiúil ón mbaile. Táimid go léir ag dul i dtaithí ar an ngnáthnós nua seo, lena n-áirítear na páistí freisin, mar sin má thiteann an tóin as lá, déan dearmad air, téigh ar aghaidh agus bain taitneamh as an am leo. Ní fhaighimid an t-am ar ais agus mar sin bain lántairbhe as.

Más tusa an bas, bí ar an eolas faoi seo freisin, tá cúinsí baile gach duine difriúil agus mar sin déan iarracht a bheith solúbtha nuair a fhéadfaidh tú.

### LEID 9 - NÁ DÉAN DEARMAD LABHAIRT
Is amanna iad seo, nach raibh a leithéid ann riamh, nílimid inár ngnáth-ghnáthamh, tá cuid againn ag obair faoi dhó mar mhúinteoirí nó mar chúramóirí agus mar sin déan cinnte seiceáil isteach lena chéile. In amanna mar seo nuair nach féidir linn a bheith go fisiciúil i gcuideachta a chéile tá sé níos tábhachtaí ná riamh labhairt go rialta lena chéile
- Seiceáil isteach le Comhghleacaithe ar bhonn laethúil
- Má tá na hoiriúnúcháin deacair duit, is dócha go bhfuil siad deacair freisin
- Tacaigh lena chéile agus bí chomh solúbtha agus is féidir leis an gcaoi a n-oibrímid

### LEID 10 - CÚRAIMÍ OIBRE AGUS BAILE A DHEIGHILT
Is breá linn gnáthamh, bímid rathúil nuair a mhothaímid an normáltacht. Conas a choinníonn tú rudaí sách gnách ag am mar seo? Rud amháin a chuidigh liom ná na cúraimí tí móra a bhí ar 'an liosta' a choinneáil don deireadh seachtaine, mar sin má tá roinnt péintéireachta, DIY nó garraíodóireachta le déanamh agat, déan iarracht é a choinneáil don deireadh seachtaine ionas go mbraitheann tú gur bhain tú leas as do dheireadh seachtaine agus nach n-éiríonn na laethanta uile doiléir!

Déan cinnte an Tairseach Foghlama um Fhine Gall Sláintiúil a sheiceáil le haghaidh roinnt leideanna maidir le hobair traenála sa bhaile
Digifit Fhine Gall
https://learning.fingal.ie/course/view.php?id=139

# Scéim nua tithíochta sóisialta curtha i gcrích i Sord



Tá scéim nua tithíochta sóisialta curtha i gcrích ag Comhairle Contae Fhine Gall ag sráid Cnocán an Chuilinn, díreach in aice le Bóthar Ráth Béil, i Sord, agus táthar ag súil go mbogfaidh tionóntaí isteach ina dtithe nua gan mhoill.

Tá an fhorbairt de 24 réadmhaoin, ar a bhfuil meascán árasán agus tithe de dhá, trí agus ceithre sheomra leapa, tugtha ar láimh na Comhairle tar éis do na conraitheoirí Cunningham Contracts Limited iad a chur i gcrích.

Cuireadh an fhorbairt i gcrích go rathúil in ainneoin go raibh an láithreán ar cheann de shé fhorbairt tithíochta sóisialta ar fud Fhine Gall a cuireadh stop leis an obair go sealadach mar gheall ar COVID-19.

Ag labhairt, dúirt Méara Fhine Gall atá ag dul as oifig, an Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Is fianaise don Chomhairle é an caighdeán agus an obair atá déanta ar Chnocán an Chuilinn, ag ár bhfoireann féin agus ag na conraitheoirí ar thug páirt ann. Is príomhthionscadal tábhachtach í an fhorbairt seo i ndáiríre maidir leis an méid is féidir lenár ranna intí a bhaint amach."

"Thug mé cuairt ar láithreáin ar fud Fhine Gall, agus tá meascán d'aonaid, forbairtí agus ceantair ann, rud a léiríonn go bhfuil Comhairle Contae Fhine Gall ag déanamh iarrachta - chun an méid atá á sheachadadh againn a chur in oiriúint do riachtanais na ndaoine ar ár liostaí tithíochta sóisialta. . "

Tar éis cead a thabhairt don láithreán athoscailt ina dhiaidh sin leis an gcead ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, d'oibrigh an Chomhairle go dlúth leis na conraitheoirí lena chinntiú go gcloítear le caighdeáin oibre shábháilte, agus leis an gcur chuige seo ceadaíodh don tionscadal a chur i gcrích.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá cur i gcrích na scéime i gCnocán an Chuilinn ailínithe le cur i gcrích na n-oibreacha uasghrádaithe ar Bhóthar Ráth Béil, a sholáthraíonn bealaí do choisithe agus do rothair dul isteach go Sord, ach freisin do scoileanna áitiúla sa cheantar, agus dár Leabharlann níos gaire do bhaile Shoird. Beidh na teaghlaigh a bhogfaidh isteach i gCnocán an Chuilinn ina gcuid de thodhchaí Shoird, lena n-áireofar Ceathrú Cultúrtha Shoird agus mar chuid den fhás agus forbairt daonra atá beartaithe don bhaile. "

Dúirt Margaret Geraghty, Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall: "Is í an fhorbairt seo an 16ú forbairt as 29 tionscadal tithíochta sóisialta a cuireadh i gcrích ar fud Fhine Gall. D'oibríomar i gcomhar leis na cónaitheoirí a bhogfaidh isteach sna tithe nua seo, chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an t-árasán a gcuid riachtanas. Táimid ag súil go mór le fáilte a chur roimh na tionóntaí nua agus na teaghlaigh nua a bhogfaidh isteach i gCnocán an Chuilinn sna seachtainí amach romhainn. "

Dhear Rannóg Ailtirí Chomhairle Contae Fhine Gall Cnocán an Chuilinn chun meascán de chineál cóiríochta a chur san áireamh agus chun tréithe uathúla an láithreáin fána ar imeall Shoird a a chur san áireamh chomh maith.

Dúirt Ailtire an Chontae Fionnuala May: "Sílim go mbeidh an fhorbairt seo mar bhunsraith d'fhíorphobal sa cheantar nua seo, agus tá ríméad orainn go bhfuil an scéim seo curtha i gcrích."

Thug an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi Atógáil Éireann maoiniú don fhorbairt ag Cnocán an Chuilinn.

Is féidir físeán ina thaispeántar na tithe nua i gCnocán an Chuilinn a fheiceáil ar ár suíomh Gréasáin ag: https://www.fingal.ie/news/fingal-county-council-completes-new-social-housing-development-holymount-swords

# UASGHRÁDÚ BHÓTHAR RÁTH BÉIL, SORD, OSCAILTE GO HOIFIGIÚILI

Tá trácht ábalta dul ar an mbóthar, ar cuid den bhealach R125 Sord go Cill Dhéagláin é, ón 20 Márta, ach ní rabhthas ábalta an oscailt oifigiúil a bhí pleanáilte a chur ar siúl go dtí seo mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. In áit na hoscailte oifigiúla, reáchtáladh searmanas simplí le cloch chomórtha a nochtadh.



Mar chuid den uasghrádú ar an R125 Sord go Cill Dhéagláin, rinne thart ar chiliméadar amháin den bhóthar réigiúnach tuaithe ag Ráth Béil a uasghrádú agus leagan amach níos uirbí a chur ann ag a bhfuil raonta rothar agus cosáin ar an dá thaobh. Ritheann an stráice ar a ndearnadh uasghrádú ón acomhal le Bóthar Murrough go dtí an t-acomhal le Bóthar Dáileacháin Iarthar Shoird ag Iostáin Ráth Béil.

Ba é Johns Civil Engineering, in éineacht le Waterman Moylan Consulting Engineers, an conraitheoir don tionscadal. Rinne an fhoireann tionscadail i gComhairle Contae Fhine Gall bainistíocht tionscadail don scéim fhoriomlán.

Ba é €6m an costas a bhí ar an tionscadal. Fuarthas €4.9m ón gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú faoin gclár Atógáil Éireann agus chuir Comhairle Contae Fhine Gall an t-iarmhéid ar fáil. Déanfaidh an t-uasghrádú éascaíocht ar 800 teach ar dtús agus 3,200 ar deireadh.

Dúirt Méara O'Brien: "Mar Mhéara Fhine Gall, tá ríméad orm an Bóthar Ráth Béil nua i Sord a oscailt go hoifigiúil. Seo é an dara tionscadal a chuireamar i gcrích mar chuid den Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh forbairtí nua a dhéanamh i ngach cuid den cheantar ar an taobh thiar de Shord. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na comhaltaí tofa as ceantar Shoird, a bhí ann agus atá ann anois, a thacaigh leis an tionscadal tábhachtach seo agus a d'oibrigh le foireann na Comhairle chun an tionscadal a chur i gcrích. Cuirfidh an bóthar go mór le ceantar Shoird agus le mórcheantar Fhine Gall ó thaobh an bhonneagair de."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá ríméad an domhain orm go bhfuil uasghrádú Bhóthar Ráth Béil críochnaithe. Chuir an bóthar seo bonneagar siúil agus rothaíochta ar fáil do thithe nua sa Seanbhaile agus i mBaile na Móna. Bóthar cúng gan áiseanna do choisithe ná rothaithe a bhí sa bhóthar roimhe seo. Mar sin, tá an ceantar i bhfad níos sábháilte do dhaoine atá amuigh ag siúl nó ar a rothair mar gheall ar an uasghrádú. Ba é aidhm an uasghrádaithe na cónaitheoirí nua sin a cheangal le Sord agus leis na scoileanna áitiúla sa cheantar. Tá meánscoil nua á tógáil ar thalamh Bhaile na Móna freisin a rachaidh chun tairbhe iarthar Shoird."

Dúirt Stiúrthóir Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh Chomhairle Contae Fhine Gall, Matthew McAleese: "Tá an t-uasghrádú bóthair seo ina chuid den fhorbairt chéimnithe de Phlean Ceantair Áitiúil an tSeanbhaile-Bhaile na Móna. Bhí sé ar cheann de na pleananna chun ullmhúchán a dhéanamh do na céimeanna forbartha ina dhiaidh sin den scéim fhoriomlán. Ar deireadh thiar thall, soláthróidh an scéim sin aonaid chónaithe nua in iarthar Shoird. Is é uaillmhian fhoriomlán na Comhairle go bhfásfaidh daonra Shoird ón daonra 40,000 atá ann faoi láthair go dtí 60,000 agus, ina dhiaidh sin, go 100,000, agus go bhfaighidh Sord stádas cathrach ansin agus an bonneagar ar fad a théann leis sin."

Coronavirus **COVID-19**

Coronavirus COVID-19 Public Health Advice

**Stay local. Stay safe. Protect each other.**

**Continue to:**

**Wash** your hands well and often to avoid contamination.

**Cover** your mouth and nose with a tissue or sleeve when coughing or sneezing and discard used tissue safely

**Distance** yourself at least 2 metres (6 feet) away from other people, especially those who might be unwell

**Avoid** crowds and crowded places

**Know** the symptoms. If you have them self isolate and contact your GP immediately

**COVID-19 symptoms include**
> high temperature
> cough
> breathing difficulty
> sudden loss of sense of smell or taste
> flu-like symptoms

**#holdfirm**

HSE
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# "Ó CHAISLEÁN SHOIRD GO CATHAIR NUA EABHRAC" DRÁMADÓIR FHINE GALL AR TÍ DUL AR AN STÁITSE DEN CHÉAD UAIR I NUA EABHRAC

Tá an chéad dráma a léiríodh i gCaisleán Shoird ag dul go Meiriceá agus is ardú croí é d'acmhainneacht Cheathrú Cultúrtha Shoird ardán dearfach a sholáthar do na healaíona i bhFine Gall. Déanfaidh David Gilna as Sord, an drámadóir agus taibheoir, a bhfuil duaiseanna buaite aige, a dhráma clúiteach My Bedsit Window le Sarah Ryan, Alan Kelly & Michael Mellamphy a léiriú den chéad uair i Nua Eabhrac

Tá baint ag David le hEalaíona Fhine Gall, ar thug tacaíocht dó le blianta fada, lena dhráma 'The Unsung Hero' seoladh an Atrium athchóirithe i Halla an Chontae agus ba é a dhráma 'My Bedsit Window' an chéad dráma a cuireadh ar stáitse i gCaisleán Shoird in 2014.

In athbhreithnithe ar 'My Bedsit Window' tugadh an cur síos seo orthu 'Lán d'iliomad carachtar draíochtúla - trí lúfaireacht ghutha fuinniúil de Gilna - a phléascann tríd na mothúchánach, thuas seal, thíos seal den fhíor-scéil seo" My Bedsit Window "is dráma é don lá atá inniu ann - an-chorraitheach - moltar go hard é.'

Agus é ag labhairt faoi dúirt Méara Fhine Gall, An Clr. Eoghan O'Brien: "Tá cultúr ealaíonta forleathan agus domhain ag Fine Gall. Is drámadóir áitiúil iontach é David a bhfuil grá mór agus tuiscint aige ar an áit as ar tháinig sé. Is é an chéad chéim eile dá shlí bheatha ná aitheantas a thabhairt don tallann seo agus guímid gach rath air i Nua Eabhrac."

Dúirt Margaret Geraghty, Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail do Chomhairle Contae Fhine Gall: "Tá baint ag David Gilna leis an roinn Ealaíon le blianta fada anois agus buaicphointe is ea feidhmíocht a dhráma My Bedsit Window i gCaisleán Shoird. Léirigh an léiriú sin acmhainneacht ollmhór de Chaisleán Shoird mar phríomhchuid i bhforbairt Cheathrú Cultúrtha Shoird a fhéachann le cultúr a fhorbairt agus a sheachadadh do Shord agus Fhine Gall. Tá an-áthas orm a chloisteáil faoin nuacht seo, tá súil agam go spreagfaidh sé drámadóirí eile as Fine Gall agus go bhfuil a fhios acu go bhfuil rannóg Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall ann chun tacú leo. Guím gach rath ar David, ar na haisteoirí ar fad agus ar a fhoireann



ina gcéad seónna i Nua Eabhrac." Dúirt Oifigeach Ealaíon Fhine Gall, Rory O'Byrne: 'Tá Oifig Ealaíon Fhine Gall tiomanta do thacaíocht a thabhairt dár n-ealaíontóirí áitiúla agus tá ríméad uirthi rath an drámadóra áitiúil David Gilna a fheiceáil agus tacú leis lena dhráma' My Bedsit Window'."

Tá iarracht déanta ag David caidrimh a thógáil idir ealaíontóirí Fhine Gall agus pobal Mheiriceá na hÉireann trí shaothar a dhrámaí. Is deis é nach bhfaigheann duine ach uair amháin ina shaol ná an deis a chuid oibre a thaispeáint i gcathair Nua Eabhrac.

Ag labhairt faoin nuacht dúirt David Glina: "Ba mhór an onóir dom mo chéad léamh cleachtaithe ar mo dhráma le The Irish American Writers & Artists Salon an tseachtain seo ag tabhairt isteach mo chuid oibre mar dhrámadóir" "Spreagann muintir agus áiteanna Fhine Gall mo chuid oibre mar dhrámadóir. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh liom é seo uilig a bhaint amach. "
Bhí David le bheith ar chamchuairt i Meiriceá & i gCeanada lena sheó nua 'A Bolt From D'Blue' ach cuireadh ar ceal é mar gheall ar éigeandáil sláinte Covid-19 ach nuair a dhúnann doras amháin osclaíonn ceann eile.

Chuaigh David i gcomhar le Sarah Ryan as Fine Gall chomh maith, atá lonnaithe anois i Nua Eabhrac. Bhuail siad lena chéile tríd an ngrá atá acu leis na hEalaíona Taibhithe i Sord, Baile Átha Cliath agus rinne siad staidéar ar Staidéar Amharclainne sa choláiste le chéile. Is iad an bheirt aisteoirí eile ar an bhfoireann ná réalta an stáitse agus an scáileáin Michael Mellamphy agus Alan Kelly aisteoir áitiúil eile as Fine Gall. Dúirt David freisin: "Cuireadh oiliúint ar Alan agus orm féin, le chéile i Scoil Náisiúnta na nEalaíon Taibhithe nuair a bhíomar páistí. Ba iad Jill Doyle agus Eamon Farrell a reáchtáil é agus roinneamar stáitse an Olympia le chéile thar blianta fada, mar sin nuair a d'inis Sarah dom faoin bhfoireann aisteoirí, bhí mé thar a bheith sásta a bheith ag oibriú le triúr aisteoirí iontacha agus le beirt eile as Fhine Gall o dhúchas.

"Is sár-rogha é comhoibriú le Sarah Ryan agus muid ag obair le chéile chun mo dhrámaí a nascadh leis an lucht féachana Éireannach agus Meiriceánach. De réir mar a bhíonn amharclanna uile an domhain ina gcodladh anois, tá an fhoireann aisteoirí socraithe agus níl siad ag fanacht ach leis an léiriú a thosú nuair a thiocfaidh deireadh leis an ngéarchéim.

# Táibléad cliste bronnta ar thithe altranais mar chuid den 'Bígí Nasctha'



Sheol Méara Fhine Gall, an Comhairleoir, an Tionscnamh 'Bígí Nasctha', i dTeach Altranais Pobail Lusca. Eoghan O'Brien áit ar bronnadh níos mó ná 20 táibléad cliste Aoisbhá ACORN do triúr theach altranais i bhFine Gall agus i Seirbhís Cúraim Lae Pobail na Sceirí. Is iad na trí theach cúraim eile a fhaigheann na síntiúis seo ná Teach Altranais an Rois, Cúram Sláinte Bartra Loch Sionnaigh.

Ceapadh 'Bígí Nassctha' chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ár bpobal aosta atá níos leochailí. Is réiteach teicneolaíochta cliste é chun ligean dóibh fanacht i dteagmháil le cairde, teaghlaigh agus soláthraithe seirbhíse agus muid ag leanúint ar aghaidh dul trí éigeandáil Covid-19.

Tá an tionscnamh seo mar gheall ar thacaíocht ó Mheitheal Baile Aoisbhá na Sceirí chomh maith le tacaíocht ó Chlár Aoisbhá Chomhairle Contae Fhine Gall, Cumann Pobail na Sceirí agus Club Rugbaí na Sceirí. Fuair an tionscadal tacaíocht airgeadais freisin ó na gnóthais agus ón bpobal áitiúil sna Sceirí.

Agus ag an seoladh dúirt Méara Fhine Gall, An Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Tá lúcháir orm an tionscnamh iontach seo a sheoladh i dTeach Altranais Pobail Lusca inniu, cuideoidh sé leis an oiread sin daoine nár éirigh leo teagmháil a dhéanamh le baill teaghlaigh an oiread agus ba mhaith leo le cúpla seachtain anuas. Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta cabhrú leis na daoine is leochailí inár bpobail, áfach, agus táimid sásta tacú leis an tionscnamh seo a dhéanann amhlaidh. "

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Is maith é an t-am a thogáil chun aitheantas a thabhairt do na tionscadail iontacha go léir atá ag tarlú ar fud Fhine Gall le linn paindéime Covid-19 agus tugann an tionscadal "Bígí Nasctha" aghaidh ar riachtanais ár saoránach i dtithe altranais, ag cabhrú leo fanacht nasctha lena dteaghlaigh agus cairde nach dtarlódh gan tacaíocht agus tiomantas oibrithe deonacha áitiúla ar nós Choiste Baile Aoisbhá na Sceirí, agus a dtiomantas i leith meas agus luach a chur ar na Sceirí agus ar gach duine a bhfuil cónaí orthu anseo.

"Cuirim fáilte roimh an tionscnamh seo "Bígí Nasctha" agus úsáid na dtáibléad Acorn i dtithe altranais ar fud cheantar Fhine Gall, is tionscadal é a d'fhéadfadh bheith bródúil as i ndáiríre. Táim an-sásta go bhfuil Comhairle Contae Fhine Gall ag obair i gcomhar le Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte, Cliffrun Media agus Taibléid Acorn agus le tacaíocht mhaoinithe ó raon leathan daoine, grúpaí agus eagraíochtaí chun an tionscadal seo a thabhairt i gcrích."

Is taibléad cliste é ACORN a sholáthraíonn an cumas dóibh siúd, a bhfuil scileanna teicneolaíochta teoranta acu, páirt iomlán a ghlacadh ar líne. Tá sé deartha mar ghléas digiteach aoisbháúil, atá saindeartha chun cáilíocht na beatha dá chuid úsáideoirí breacaosta a fheabhsú trí thacú lena bpríomhriachtanais saoil. Dearadh táibléad cliste Acorn mar tháirge a chuidíonn le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le maireachtáil neamhspleách inbhuanaithe, sa bhaile agus laistigh den phobal.

Dúirt Margaret Geraghty, Stiúrthóir Seirbhísí Tithíochta, Pobail & Leabharlann: "Tá an-áthas orm tacú leis an tionscnamh "Bígí Nasctha". Tá Aoisbhá Fhine Gall bródúil as a bheith ag obair le Cliffrun Media le dhá bhliain anuas chun an "Acorn Tablet" a fhorbairt agus is cúis áthais dúinn an táirge seo a úsáid anois lenár saoránaigh is leochailí i dtithe altranais ar fud Fhine Gall, cinnteoidh sé seo go bhfuil an teicneolaíocht ag seanóirí chun teagmháil fhíorúil duine le duine a cheadú lena dteaghlach agus lena gcairde. "

Más mian leat tuilleadh a fháil amach faoin tionscnamh 'Bígí Nasctha' déan teagmháil le: Seol ríomhphost chuig Mary Conway marydeasyconway@gmail.com nó glaoigh ar 086 397 7118



# An deis bheith beo beathach tríd an gclár iontach nua Tolg go 3k

Tá Oifig Spóirt, Comhairle Contae Fhine Gall in éineacht le Comhairlí Cathrach agus Contae Bhaile Átha Cliath agus líonra na gComhphairtíochtaí Spóirt Áitiúla ag teacht le chéile chun clár Tolg go 3k saor in aisce a chur ar fáil. Mairfidh sé 6 seachtainí agus beidh sé ag tosú ar Dé Luain, 29 Meitheamh.

Tá an t-imeacht pleanáilte le tosú díreach tar éis an Lá Náisiúnta Bí Gníomhach ar Dé Domhnaigh, 28 Meitheamh.


Is cuma mura dtéann tú riamh ag bogshodar agus nach bhfuil ag teastáil uait ach bheith níos gníomhaí, is bealach éasca é Tolg go 3K chun é sin a bhaint amach. Tá an clár ann do gach duine, idir fhir agus mhná, ar mhaith leo bheith beagáinín níos gníomhaí agus bogadh ar aghaidh ón siúl go dtí an bogshodar.

Mura bhfuil tú cinnte conas tosú, beidh sé seo foirfe duitse. Níl an clár dírithe ar an mbogshodar amháin – tosaíonn sé le meascán de choisíocht agus de bhogshodar chun go neartóidh tú tú féin de réir a chéile. Is féidir é a dhéanamh ar do luas féin.
Níl le déanamh ach clárú don chlar agus gheobhaidh tú ríomhphost go seachtainiúil le pleananna traenála ina bhfuil cleachtaí réamhaclaíochta/fuaraithe agus leideanna. Beidh grúpa Facebook do rannpháirtithe ar fáil chun a gcuid taithí a roinnt agus daoine eile a spreagadh.

Mar mhisneach breise, gheobhaidh gach duine a ghlacann páirt bonn nuair a chríochnóidh siad an clár!

D'fháiltigh Margaret Geraghty, Stiúrthóir Seirbhíse, Comhairle Contae Fhine, roimh an glcár: "Ba mhaith liom gach duine a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chlár seo agus cuirtear i gcuimhne dom an cor cainte "intinn fholláin i gcorp folláin" agus nach raibh sé riamh chomh oiriúnach is atá sé anois ".






# DÉAN CINNTE PÁIRT A GHLACADH SA TSEACHTAIN OIDHREACHTA BHLIANTÚIL

Seachas díriú ar imeachtaí poiblí pearsanta a eagrú, tugtar cuireadh do ghrúpaí agus d'eagraithe oidhreachta áitiúla, do theaghlaigh agus do phobail tionscadail a fhorbairt a bhaineann le téama na bliana seo, 'Oidhreacht agus Oideachas: Ag foghlaim ónár nOidhreacht '. beidh sé ar siúl i mbliana ón Satharn, 15 Lúnasa go dtí an Domhnach, 23 Lúnasa.

Tá an cur chuige nua deartha chun comhroinnt taithí agus eolais a chur chun cinn. Ba chóir léirithe spéise agus smaointe tionscadail a chur faoi bhráid HeritageWeek.ie, agus ba chóir iad a dhéanamh i rith mhí an Mheithimh agus Iúil. Ba chóir tionscadail a chríochnú in am don tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta nuair a thaispeánfar iad. Féadfaidh na formáidí a nglactar leo chun iad a thaispeáint a bheith éagsúil idir chainteanna nó thaispeántais ar líne, agus físeán, podchraoladh, cur i láthair taispeántas sleamhnán nó blag, clúdach sna meáin, suíomh Gréasáin tiomnaithe nó cuntas meán sóisialta modhnaithe, nó trí chruinnithe sóisialta beaga srianta, a chloíonn go hoifigiúil le comhairle sláinte poiblí. Breithneofar gach tionscadal a chuirtear




isteach le haghaidh Dámhachtana Sheachtain na hOidhreachta.

Dúirt Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta Fhine Gall: 'Is éard atá i gceist le hoidhreacht ná daoine a nascadh agus tá deis againn é sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla an tSeachtain Oidhreachta seo. Beidh lucht féachana difriúla i bhformáidí éagsúla ag tionscadail cosúil le Léargas ar Stair Fhine Gall de chuid Líonra Oidhreachta Fhine Gall . Féadfaidh tú taighde ar an oidhreacht a dhéanamh ar leac an dorais agat, nó scil oidhreachta a roinnt nó a athfhoghlaim, nó tuilleadh a fháil amach faoi stair oideachais na hÉireann '.

D'fhonn tacú le heagraithe tionscadail teacht ar ghné den oidhreacht ar mhaith leo a iniúchadh faoi théama na bliana seo, 'Oidhreacht agus Oideachas: Ag foghlaim ónár nOidhreacht', féadtar trí fho-théama leathana a mheas do thionscadail:

• Oidhreacht ar leac an dorais agat : I gceist le tionscadail d'fhéadfadh taighde agus eolas áitiúil a bhailiú faoi shéadchomhartha nó sainchomhartha a bheith mar théama; bunús na nósanna nó na dtraidisiún áitiúil a iniúchadh agus conas a d'fhéadfadh athrú teacht orthu seo le himeacht ama; scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag gnéithe den tírdhreach áitiúil, ar nós canála, abhann nó locha, ar phobal; nó scéalta a bhailiú ó bhaill áitiúla den phobal a tháinig slán as an gcruachás (mar shampla, eipidéim eitinne na 1940idí).

• Scileanna ónár n-oidhreacht a athfhoghlaim: D'fhéadfadh scileanna dearmadta a iniúchadh d'fhonn iad a roinnt i measc na nglún óg a bheith i gceist le tionscadail; ceardaíocht, scileanna nó ceirdeanna a dhoiciméadú a raibh cáil ar do phobal mar gheall orthu roimhe seo; imscrúdú a dhéanamh ar leigheasanna traidisiúnta a bhí uathúil do cheantar a úsáideadh chun pianta agus tinneas coitianta a chóireáil, agus scéalta daoine aonair a mheabhraíonn leigheasanna den sórt sin a thaifeadadh; taighde a dhéanamh ar mhodhanna traidisiúnta ullmhúcháin nó caomhnaithe bia ar feadh na n-aoiseanna.

• Oidhreacht an oideachais: Sna tionscadail, d'fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh ar stair seanscoile a d'fhreastail ar na glúine fada; ról scoil scairte áitiúil a thuiscint níos fearr; iniúchadh a dhéanamh ar stair lonnaíochta mainistreach; ceistiú conas atá athrú tagtha ar dhul ar scoil le himeacht ama.

Chomh maith le taighde nua a fhorbairt, d'fhéadfadh tionscadail athbhreithniú nó cur le tionscadal oidhreachta a d'fhéadfadh a bheith tosaithe cheana féin ar leibhéal an duine aonair, an teaghlaigh nó an phobail. Sa chás seo, d'fhéadfadh gurb éard a bheadh i gceist le tionscadal na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta ná taighde a rinneadh cheana ar shéadchomhartha, uiscebhealach, nó scil nó traidisiún sa phobal a thaispeáint arís, agus bealaí nua a aimsiú chun feasacht air a mhéadú. Tá an Chomhairle Oidhreachta ag forbairt sraith acmhainní chun tacú le tionscadail, a chuirfear ar fáil ar HeritageWeek.ie

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar www.heritageweek.ie. nó Christine.baker@fingal.ie

## GRIANGHRAIF DE FHINE GALL SAN AM ATÁ THART

An bhfuil grianghraif agat d'áiteanna, daoine, imeachtaí, saol laethúil, spórt, feirmeoireacht, tionsclaíocht agus ceardaíocht Fhine Gall? Tá Líonra Oidhreachta Fhine Gall maraon le hOifig Oidhreachta Fhine Gall ag iarraidh grianghraif a fháil dár n-am atá thart agus na scéalta a insíonn siad, le haghaidh taispeántas fíorúil.

'Pleanáilte ar dtús mar ócáid bheo, b'éigean dúinn dul i ngleic leis na cúinsí atá ann faoi láthair' a dúirt Oifigeach Oidhreachta Fhine Gall, Christine Baker. 'Mar thionscnamh don tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta 15-23 Lúnasa, inseoimid scéalta ár n-am atá thart trí thaispeántas fíorúil ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall'.

Chun páirt a ghlacadh ann, teastaíonn do ghrianghraif uainn agus alt gearr nach mó ná 500 focal a insíonn an scéal taobh thiar den ghrianghraf. Is féidir leat do ghrianghraif a sheoladh i ríomhphost go díreach chuig an Oifigeach Oidhreachta ag Christine.baker@fingal.ie. Is féidir linn a shocrú freisin go ndéanfar do ghrianghraif a scanadh agus a sheoladh ar ais chugat. Is é an spriocdháta le grianghraif a chur isteach ná 20ú Iúil 2020. Is deis í seo na scéalta gasta sin a ghabhadh ar cheamara don todhchaí a thaifeadadh agus a roinnt agus imeachtaí san am atá thart a fhágann gur áit fíorspeisialta í Fine Gall le maireachtáil a mheabhrú do dhaoine.

Tuilleadh Eolais Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Fhine Gall, ríomhphost Christine.baker@fingal.ie fón 086-7784669

# Bronnadh Stádas Brataí Goirme arís eile ar an Trá Mhín i bPort Mearnóg

Tá ríméid ar Chomhairle Contae Fhine Gall fáilte a chur roimh an mBratach Ghorm a bronnadh ar an Trá Mhín i bPort Mearnóg don bhliain 2020, arb é seo an 7ú bliain i ndiaidh a chéile inar bronnadh an bhratach ar an trá ó 2014 ar aghaidh.  Bronnadh Gradam Cósta Glas freisin ar an Trá Mhín agus ar Thrá an Choinicéir i gCill Fhionntain.

D'fhógair an Taisce na gradaim beo ar Facebook, áit ar fhógair sé nócha gradam Brataí Goirme agus Cósta Glas.  Gradam idirnáisiúnta í an Bhratach Ghorm a bhronntar ar shármhaitheas i dtaobh cháilíocht an uisce anuas ar chritéir eile, áiseanna do chuairteoirí, bainistíocht trá agus oideachas comhshaoil ina measc.

Tá mar chuspóir ag gradaim Chósta Glas tránna a aithint ina bhfuil sárcháilíocht an uisce agus ina ndéantar an bhainistíocht chuí lena chinntiú go gcosnaítear an timpeallacht nádúrtha. Leagann na gradaim béim ar leith ar rannpháirtíocht an phobail agus caithfidh an t-údarás áitiúil bainistiú a dhéanamh ar na tránna go léir, i gcomhar le grúpaí áitiúla cósta ghlain.

Ba mhaith le Comhairle Contae Fhine Gall sár-rannpháirtíocht an phobail a aithint a chabhraigh leis na gradaim seo a bhronnadh in 2020.  Déanann Comhairle Contae Fhine Gall bainistiú ar an Trá Mhín i bPort Mearnóg i gcomhar le Coiste Trá Pobal Phort Mearnóg, Pobalscoil Phort Mearnóg, Hanrahan's, Seirbhís Lae Praxis, Scoil Náisiúnta Chill Choscáin agus Scoil Mochua. Is iad na grúpaí pobail atá bainteach le Trá an Choinicéir i gCill Fhionntain Club Báidíní Chill Fhionntain agus Seastainability.

Chun teacht ar thuairiscí cothrom le dáta ar cháilíocht an uisce i gcás Tránna, féach www.beaches.ie



# OSCLAÍODH MÓR-THIONSCADAIL GO HOIFIGIÚIL

Sula chuir sé a théarma oifige de 12 mhí i gcrích, d'oscail Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, an Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat agus an Glasbhealach Bhaile Dúill go Port Mearnóg go hoifigiúil.

Ba é Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat a bhí ar an gcéad tionscadal faoi Chiste Gníomhachtaithe Tithíochta Bonneagair Áitiúil na hÉireann (LIHAF) a shroich céim na tógála.

Osclaíodh an Bóthar do thrácht ón 6 Márta ach, mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an oscailt oifigiúil a bhí beartaithe a dhéanamh. Ina áit sin, osclaíodh cloch chuimhneacháin, atá suite ag acomhal an bhóthair nua agus Bóthar Hearse.

Ritheann Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat 4km thoir ó Bhóthar Hearse an R126 ar an taobh thiar theas de shráidbhaile Dhomhnach Bat, trasna líne iarnróid Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste, sula dtéann sé ó thuaidh chun athnascadg leis an R126 ar Bhóthar Phort Reachrann.

B'ionann costas réamh-mheasta an tionscadail LIHAF seo agus €14.15m agus €10.61m (75%) á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an chuid eile á mhaoiniú ag Comhairle Contae Fhine Gall.

Is féidir físeán den oscailt oifigiúil a fheiceáil ar nasc YouTube https://youtu.be/5U1nXEsV4uQ

D'oscail sé go hoifigiúil freisin an tionscadal nua glasbhealaigh siúlóide agus rothaíochta ó Bhaile Dúill go Port Mearnóg, an chéad chéim ríthábhachtach den Scéim Glasbhealaigh fhoriomláin Cill Fhionntain go Mullach Íde.

Leis an nglasbhealach de 1.8km, a bhfuil radhairc iontacha den chósta air, atá suite i bPáirc an Ráschúrsa, tabharfar deis do rothaithe agus do choisithe taisteal tríd an bpáirc comhthreomhar le bóthar an Chósta a nascann Baile Dúill go Port Mearnóg.





Comh-mhaoinithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair, dhear Atkins an bealach, ag cur san áireamh suíomh cósta agus éiceolaíocht an cheantair agus ba é Murphy International a thóg é. Tá raon rothaíochta trí mhéadar ar leithead ann agus cosán dhá mhéadar ar leithead scartha le ciumhais féir 2.4 méadar ar leithead, le codanna gearra de chosáin chomhúsáide ag pointí áirithe ar an mbealach

Tá obair dhearaidh agus phleanála ar siúl cheana féin ar an gcéad chéim eile den tionscadal, ag nascadh an ghlasbhealaigh idir Cill Fhionntain agus Mullach Íde, trí shráidbhaile Phort Mearnóg.



## Comhpháirtíocht & Rannpháirtíocht: An tSeandálaíocht Phobail in Éirinn á fhoilsiú



Tá áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall a fhógairt go bhfuil Comhpháirtíocht & Rannpháirtíocht: An tSeandálaíocht Phobail in Éirinn á fhoilsiú, curtha in eagar ag Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta Fhine Gall.

San fhoilseachán, ina bhfuil léaráidí áille ann, tá sárthaspeántas de 20 tionscadal a thugann léargas ar an réimse leathan gníomhaíochtaí atá ar siúl ar fud na tíre faoi bhrat na seandálaíochta phobail.

I measc tionscadal ó Fhine Gall atá sa leabhar, tá an clár a bhí á eagrú ag Christine féin, clár seandálaíochta pobail Fhine Gall, idirghabháil ealaíne phoiblí de chuid Oifig Ealaíon Fhine Gall, agus Séadchomharthaí a Athchóiriú – Naomh Doulagh agus Cnoc an Túir.

Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar an éileamh i measc an phobail déileáil go díreach leis an tseandálaíocht, leis an oidhreacht agus leis na traidisiúin a bhaineann leis an gceantar áitiúil. Ó 2015 ar aghaidh tá Comhairle Contae Fhine Gall chun tosaigh maidir leis an tseandálaíocht phobail a chur chun cinn agus bhí tochailtí pobail ann i gCaisleán Shoird, i gCaislean Bhrí Mhór, san Aill agus i ndún ceann tíre Dhroim Meánach.

'Is éard a spreag an obair taobh thiar den fhoilseachán seo ná aird a thairaingt ar chaighdeán na hoibre a bhí ar bun, ní hamháin i bhFine Gall ach ar fud na tíre', a dúirt an t-eagarthóir Christine Baker. 'Faoi bhrat na seandálaíochta phobail, d'fhéadfá gach rud a chur san áireamh ó shuirbhéireacht reilige go dtí tionscadail ealaíona; suirbhéireacht gheoifisiceach agus suirbhéireacht tríthoiseach go dtí tionscadail caomhnóireachta chomh maith le tochailtí seandálaíochta, ach is é an snáithe a nascann le cheile iad ná daoine a chur i dteagmháil arís lena scéal féin'.

'Tá áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall tacú leis an bhfoilseachán seo in éineacht leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta' a dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Fhine Gall. 'Léiríonn sé an éagsúlacht atá ann i measc rannpháirtithe agus lucht tacaíochta na seandálaíochta phobail ar fud na tíre'.

'Chuir sé an-lúcháir orm clár seandálaíochta phobail Fhine Gall a stiúradh, agus bualadh le rannpháirtithe díograiseach dícheallach agus féachaint ar fhorbairt na seandálaíochta phobail' a dúirt Christine Baker. 'Cruthaíonn an tseandálaíocht nasc dúinn lenár scéal féin, ach cruthaíonn an tseandálaíocht phobail nasc eadrainn go léir – sin é an bunluach atá aige'.

Tá Comhpháirtíocht & Rannpháirtíocht: An tSeandálaíocht Phobail in Éirinn ar fáil tríd an tseirbhís cliceáil agus bailigh i Leabharlanna Fhine Gall agus is féidir é a cheannach ó Wordwell Books Ltd.

# Coinneoidh Teaghlaigh Maratóin tú gníomhach i rith míonna an tsamhraidh

An bhfuil tú féin agus do theaghlach ag lorg bealaigh chun a bheith gníomhach i rith míonna an tsamhraidh. Bhuel, cén fáth nach dtapóidh tú an deis seo chun dúshlán a thabhairt do do theaghlach uile Maratón a dhéanamh le chéile, cibé acu sin é maratón a dhéanamh le chéile mar ghrúpa nó maratón a dhéanamh libh féin?

Is oiriúnú é Teaghlaigh Maratóin den Chlár LeanaíMaratóin a bhfuil an-tóir air agus a chuirtear i bhfeidhm ar fud Bhaile Átha Cliath, le Leanaí ó Rang a 5 agus a 6 ina ritheann leanaí 42km san iomlán agus sraith ceachtanna sa rang ar na buntáistí a bhaineann le Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil thar thréimhse ocht seachtaine.

Is féidir Teaghlaigh Maratóin a dhéanamh ar cheithre bhealach

### 7 lá sa tseachtain

Sa chlár 7 lá beidh rannpháirtithe ag siúl/ag bogshodar achair níos giorra gach lá den tseachtain thar 8 seachtaine chun an 42km ar fad a chríochnú. Tá an clár 7 lá an-oiriúnach do dhaoine atá ag tosú ar a dturas aclaíochta, mholfaimis duit siúl / bogshodar na hachair gach lá

### 5 lá sa tseachtain

Sa chlár 5 lá beidh na rannpháirtithe ag bogshodar achair mheánfhad ar feadh 5 lá den tseachtain. Cosúil leis na roghanna eile tógfaidh sé 8 seachtaine an Maratón a chríochnú. Tá an clár 5 lá dírithe ar dhaoine atá sách gníomhach agus a bhfuil taithí traenála rialta acu.

### 3 lá sa tseachtain

Tá an clár 3 lá dírithe ar rannpháirtithe atá gníomhach agus a bhíonn ag traenáil go rialta. Is é an sprioc ná 3 rith in aghaidh na seachtaine a chríochnú, tá na hachair idir achair mheán agus achair fhada agus thar na 8 seachtaine críochnóidh tú an Maratón de 42km.

### Clár Gasta

Má tá do chuid ama teoranta nó má tá leanaí beaga agat cén fáth nach ndéanann tú leagan gasta de TheaghlaighMaratóin, tugann an Leagan Gasta cúiteamh d'iarrachtaí gach duine, bíodh siad mór nó beag, trí leagan carnach a dhéanamh le do theaghlach. Mar sin, mar shampla má shocraíonn tú é a dhéanamh thar sheachtain tá sé 42km in aon seachtain amháin, 2 sheachtain 21km sa tseachtain, 3 seachtaine 14km srl agus mar sin de, saincheaptha do riachtanais do theaghlaigh.

Cláraigh ag: www.learning.fingal.ie ar an gcuid Bí Gníomhach sa Bhaile agus bí ar cheann den iliomad Teaghlaigh Maratóin i bhFine Gall agus thar timpeall a ghlacann páirt sa chlár.

# Foireann na


Thug foireann Oifig Spóirt Fhine Gall sárthaispeántas le linn na héigeandála COVID-19 ag soláthar raon iomlán de ghníomhaíochtaí ar líne chun tú a choinneáil gníomhach agus fuinneamh.

Leis an bpaindéime agus na srianta um scaradh sóisialta le déanaí, cuireadh dúshláin nua os comhair Oifig Spóirt Fhine Gall maidir le seirbhísí agus tacaíocht a sholáthar do phobail. Sháraigh siad na dúshláin seo trí shraith Físeáin ar líne a fhorbairt, lena n-áirítear Digifit aclaíocht sa bhaile, dúshláin scileanna spóirt do Leanaí agus an clár Teaghlaigh Maratóin.

Snáithe tábhachtach forbartha pobail is ea foireann de 18 Oifigeach Spóirt, faoi stiúir an Phríomhoifigigh Spóirt, Marion Brown, laistigh den Rannóg Phobail & Thithíochta Chomhairle Contae Fhine Gall agus tá sí ina ball de Líonra Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil de chuid Spórt Éireann. Mar chuid den Líonra seo díríonn obair na hOifige Spóirt ar spriocghrúpaí ar leith aitheanta ag Spórt Éireann ar nós Aosaigh níos Sine, Mná sa Spórt, daoine óga faoi mhíbhuntáiste agus daoine faoi mhíchumas.

Tá Marion i gceannas ar fhoireann a chuimsíonn Oifigeach Sinsearach Spóirt, Niall McGuirk, a dhéanann maoirseacht ar obair na foirne agus tá sé ar thús cadhnaíochta i gcláir ar nós Sraith Lúthchleasaíochta do Bhunscoileanna, Dornálaíocht do Bhunscoileanna agus Leanaí Maratóin. Oifigeach Forbartha Spóirt, Caitríona Geraghty, a ndíríonn a cuid oibre ar thionscnaimh d'Aosaigh agus do Mhná sa Spórt agus raon clár agus gníomhaíochtaí eile.

Tá éiteas forbartha pobail Oifig Spóirt Fhine Gall le feiceáil go soiléir i mbunú na Mol Spóirt Pobail le trí bliana anuas. Tá na Moil seo, ceann i mBaile Brigín agus ceann i mBaile an Tirialaigh Mullach Eadrad, áit a bhfuil an comhordaitheoir, Ciaran Russell agus an t-oifigeach forbartha, Gordon Ward, lonnaithe. Is é an aidhm



# hOifige Spóirt atá Thar Barr




atá leo ná rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht choirp a mhéadú agus rannpháirtíocht an phobail a neartú. Le bliain anuas tá méadú tagtha ar fhoireann Oifig Spóirt Fhine Gall chun Noel McManus, Oifigeach Forbartha Spóirt Pobail, a áireamh, a bhfuil sé mar ról aige tionscnaimh spóirt scoile agus pobail a fhorbairt agus David Daly, Oifigeach um Iomchuimsiú Sóisialta, a bhfuil géarghá leis, agus a ról chun tacú le grúpaí daoine atá faoi mhíchumas chun gníomhaíochtaí spóirt a fhorbairt.

Le breis agus 10 mbliana bhí Oifig Spóirt Fhine Gall ina ceannaire maidir le bunscileanna gluaiseachta a theagasc trí Chlár Aclaithe Spóirt Fhine Gall do leanaí réamhscoile agus bunscoile. Mhúin Owen McGrath, Cóitseálaí Aclaithe Spóirt agus Stephen McGinn, Oifigeach Oideachais agus Spóirt an modúl oiliúna sonrach seo do mhúinteoirí agus soláthraithe cúram leanaí atá lonnaithe i bhFine Gall. Tá an clár rangbhunaithe seo forbartha agus leathnaithe anois chun tuarascáil mheasúnaithe agus meastóireachtaí a chur san áireamh do na múinteoirí ar dhul chun cinn a gcuid daltaí. Tá an modúl oiliúna ar fáil ar líne freisin tríd an Tairseach Oiliúna de Fhine Gall Sláintiúil do mhúinteoirí a ghlac páirt san oiliúint.  Leathnaíodh na modúil aclaithe spóirt chun aclú spóirt do chách a áireamh; clár atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas.

I measc ár bhfoireann de 18 Oifigeach Spóirt tá naonúr Oifigeach comh-mhaoinithe againn ón FAI, Rugbaí Laighean, Cruicéad Laighean agus Leadóg Éireann. Tá ról ag na baill seo den fhoireann a spórt féin a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud Fhine Gall, leanann siad prionsabail na forbartha pobail agus oibríonn siad i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Spóirt agus le Spóirt eile.

Le haghaidh tuilleadh eolais tabhair cuairt ar www.fingal.ie/communityandsports and Healthy Fingal Learning Portal  https://learning.fingal.ie, más mian leat teagmháil a dhéanamh le ball d'Fhoireann Spóirt Fhine Gall is féidir leat é sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig sports@fingal.ie nó trí na meáin shóisialta @fingalsport

## Tá súil ag Oifig Spóirt go rachaidh Sraith úthchleasaíochta ar aghaidh

Tá Oifig Spóirt Fhine Gall ag obair go crua chun a chinntiú gur féidir le Sraith Lúthchleasaíochta Fhine Gall dul ar aghaidh i bhfoirm éigin níos déanaí sa bhliain.

Ghlac níos mó ná 2,000 dalta ó 52 scoil páirt i Sraith Lúthchleasaíochta Fhine Gall 2019/20. Bíonn an clár seo, atá bunaithe ar rannpháirtíocht, ar siúl gach bliain i bPáirc Bhaile an Phóirtéaraigh do scoileanna i mBaile Átha Cliath 15 agus i dTeach an Droichid Nua do scoileanna i dTuaisceart Chontae Fhine Gall. Tá trí chruinniú rásaíochta réigiúnacha agus lá na gcluichí ceannais ina dhiaidh sin i Staidiam Morton.

Is féidir le scoileanna 50 dalta ar a mhéad a iontráil ó rang 3 - 6, lena n-áirítear buachaillí agus cailíní a bheidh ag rásaíocht ar leithligh. Tá achair na rásaí idir 350 agus 650 méadar ag brath ar an aoisghrúpa.

Dúirt Niall McGuirk, Oifigeach Sinsearach Forbartha Spóirt le Comhairle Contae Fhine Gall: "Is bealach iontach é an tabhairt isteach taitneamhach seo ar rith chun scoileanna a spreagadh chun cláir reatha a fhorbairt le linn na scoile agus na daoine óga sin a spreagadh ina dhiaidh sin a bheith páirteach ina gclub lúthchleasaíochta áitiúil áit a mbeidh deis acu disciplíní lúthchleasaíochta éagsúla a thriail agus gníomhaíocht spraíúil a aimsiú agus iad féin a choinneáil aclaí agus sláintiúil. "


"Nílimid cinnte faoin bhformáid do Shraith Lúthchleasaíochta 2020/21 ach beimid ag déanamh ár ndícheall a chinntiú go rachaidh sé ar aghaidh i bhfoirm éigin."


Má tá suim ag do scoil a bheith páirteach nó chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi seo nó faoi aon tionscnamh forbartha spóirt i bhFine Gall déan teagmháil le Noel McManus, Oifigeach Forbartha Spóirt Pobail Fhine Gall Ríomhphost: noel.mcmanus@fcrs.ie nó Teil: 087-9830443.

# Do Chomhairleoirí

## Toghcheantair Aitiúil




**Baile Brigin**

1. An Comh.Tony Murphy
Neamhspleách
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030

2. An Comh. Grainne Maguire
Neamhspleách
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650

3. An Comh. Seána Ó Rodaigh
Páirtí an Lucht Oibre
seana.orodaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801

4 An Comh. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897

5. An Comh Karen Power
An Comhaontas Glas
karen.power@cllrs.fingal.ie
089 965 4529

**An Ros- Lusca**

6. An Comh. Robert O'Donoghue
Páirtí an Lucht Oibre
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 0545554

7. An Comh. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485

8. An Comh. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. An Comh. Cathal Boland
Neamhspleách
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. An Comh. Paul Mulville
An Páirtí Sóisleach Daonlathach
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

**Sord**

11. An Comh. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. An Comh. Ian Carey
An Comhaontas Glas
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. An Comh. Dean Mulligan
Neamhspleách i dtreo Athrú
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. An Comh. Joe Newman
Neamhspleách
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

15. An Comh. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

16. An Comh. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

17. An Comh. James Humphreys
Páirtí an Lucht Oibre
james.humphreys@cllrs.fingal.ie
083 8560832

**Binn Éadair - Mullach Íde**

18. An Comh. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. An Comh. David Healy
An Comhaontas Glas
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20. An Comh. Brian Mc Donagh
Páirtí an Lucht Oibre
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

21. An Comh. Jimmy Guerin
Neamhspleách
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

22. An Comh. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

23. An Comh. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

24. An Comh. Joan Hopkins
An Páirtí Sóisleach Daonlathach
joan.hopkins@cllrs.fingal.ie
083 1031541

**Caisleán Cnucha**

25. An Comh. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

26. An Comh. John Walsh
Páirtí an Lucht Oibre
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

27. An Comh. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 0506146

28. An Comh. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

29. An Comh. Pamela Conroy
An Comhaontas Glas
pamela.conroy@cllrs.fingal.ie
086 8462891

30:
Fine Gael

**Ongar**

31. An Comh. Tania Doyle
Neamhspleách
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

32 An Comh. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

33. An Comh. Daniel Whooley
An Comhaontas Glas
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

34. An Comh. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

35. An Comh. Aaron O'Rourke
Sinn Féin
aaron.orourke @cllrs.fingal.ie
087 7042783

**Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad**

36. An Comh. Mary McCamley
Páirtí an Lucht Oibre
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. An Comh. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. An Comh. John Burtachaell
Dlúthpháirtíocht
john.burtchaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. An Comh. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. An Comh. Freddie Cooper
Fianna Fáil
freddie.cooper@cllrs.fingal.ie
087 052 5628